NationalSafety CHALLENGE

# Rialú ar Rioscaí
## Plean Ceachta 2



## Cuspóirí

1) Oibleagáidí an bhainisteora láithreáin a thuiscint
2) Tuiscint a bhaint as cáipéis maidir le Plean Oibre um Chóras Sábháilteachta (POCS)
3) Bheith in ann na catagóirí éagsúla a bhaineann le comharthaíocht sábháilteachta a aithint
4) Tuiscint a bhaint as na gnéithe éagsúla a bhaineann le hordlathas um rialú rioscaí
5) Bheith in ann teacht ar bhealaí éagsúla chun riosca a laghdú i ngach ceann de na sainréimsí rioscaí *(sonraithe i gCeacht 1)*

## Acmhainní

- **Bileog Gníomhaíochta maidir le Rialú an Riosca**

## Stór Focal

- **Plean Oibre um Chóras Sábháilteachta (POCS)**
- **Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)**
- **Toirmeasc**
- **Éigeantach**

## Réamhrá

Inis do na scoláirí go mbeidh siad ag foghlaim faoin gcaoi a ndéileálann bainisteoir láithreáin le guaiseacha a shainaithnítear ar láithreán; an chaoi a ndéanann siad iarracht chun na rioscaí a bhaineann leis na guaiseacha a laghdú; agus na cineálacha éagsúla comharthaíochta sábháilteachta a bhíonn ar láithreáin tógála.

## Forbairt

### Plean Oibre um Chóras Sábháilteachta (POCS)


Iarr ar na scoláirí breathnú ar cheist 1 (Bileog Gníomhaíochta maidir le Rialú an Riosca) – an Plean Oibre um Chóras Sábháilteachta a mbaineann bainisteoirí láithreáin úsáid as chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí. Pléigh an fáth a mbíonn Plean Oibre um Chóras Sábháilteachta ag teastáil. Iarr ar na scoláirí ceist 1 a chomhlánú, ag sonrú rialuithe agus rioscaí. Tarraing aird ar an iallach a bhíonn ar bhainisteoirí láithreán a chinntiú go bhfuil an oiliúint chuí ag oibrithe, lena n-áirítear **Pas Sábháilteachta**, **Scéim Deimhniúcháin Scileanna Foirgníochta** agus **Deimhnithe maidir le Trealamh Gléasra**.

### Comharthaíocht

Iarr ar na scoláirí plé a dhéanamh ar an tábhacht atá le comharthaíocht sábháilteachta chuí, lena n-áirítear samplaí óna gcuid staidéir. Mínigh 1) go bhfuil sé riachtanach comharthaíocht sábháilteachta a bheith ar gach láithreán tógála d'oibrithe, do chuairteoirí ar an láithreán agus don phobal i gcoitinne. Is féidir an chomharthaíocht a roinnt sna catagóirí seo a leanas:

– **Dearg i gcomhair Toirmeasc**
– **Buí i gcomhair Foláireamh**
– **Gorm i gcomhair bearta éigeantacha**
– **Glas i gcomhair beart dearfach**
○ **Dioscaí i gcomhair toirmeasc agus treoracha**
△ **Triantáin i gcomhair foláireamh**
☐ **Cearnóga agus dronuilleoga i gcomhair comharthaí éigeandála agus faisnéise**

Tarraing an comhartha seo a leanas ar an gclár, agus iarr ar na scoláirí a chur in iúl go léirítear leis ***guais leictreach***.



CÚIS BHRÓID AG: Irishbuilding
the magazine of choice for construction professionals

## Forbairt (ar lean)

### Ordlathas um Rialú ar Rioscaí

Mínigh go mbaintear úsáid as an ordlathas um rialú ar rioscaí chun tosaíochtaí a shocrú maidir le rialú rioscaí. Déan plé ar gach leibhéal:

1) Díothaigh an ghuais
2) Cuir rogha eile isteach a bhfuil riosca níos lú ag baint leis in ionad na guaise
3) Bain úsáid as rialuithe innealtóireachta
4) Bain úsáid as rialuithe riaracháin
5) Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)

Mar rang, déan plé ar an gcaoi ar féidir le cuid de na rioscaí a shonraigh siad i gCeacht 1, ceist 2, a mhaolú ag baint úsáide as an ordlathas um rialú rioscaí. Mar shampla:

- **Innealra trom á oibriú:**
  - Téigh i gcomhairle i gcónaí le ESB Networks nuair a bheartaítear obair gar do shreanga lasnairde agus cáblaí faoi thalamh.
  - Agus innealra trom á oibriú agat, laghdaigh an riosca trí bhacainní srianta airde chun rochtain a rialú agus comharthaíocht sábháilteachta a thógáil ar an láthair mar fholáireamh d'oibreoirí ó ghuaiseacha a bhaineann le sreanga lasnairde.
- **I mbun oibre le huirlisí cumhachta:**
  - Ná bain úsáid as uirlisí ach amháin go bhfuil tú inniúil orthu agus go bhfeileann na huirlisí don fheidhm agus don láithreán.

## Conclúid

Iarr ar na scoláirí ceist 2 a chomhlánú (**Bileog Gníomhaíochta maidir le Rialú an Riosca**) ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí, ag sonrú bealaí chun guaiseacha a dhíothú nó a laghdú trí úsáid a bhaint as ordlathas rialú ar rioscaí.




# Rialú ar Rioscaí

## Bileog Ghníomhaíochta 1

**1. Iarr ar na scoláirí breathnú ar an íomhá agus cuid de na rioscaí agus na rialuithe a shainaithint. Déan plé ranga ar.**

### Sliocht as Plean Oibre um Chóras Sábháilteachta (POCS) le haghaidh áit chónaithe




*(íomhá ó POCS an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh teaghais chónaithe)*

Seo a leanas gnéithe eile a mbeidh bainisteoir láithreáin á lorg ó oibrithe mar chuid den POCS: Cártaí um Phas Sábháilteachta, Scéim Deimhniúcháin Scileanna Foirgníochta agus Deimhnithe maidir le Trealamh Gléasra.

### Úsáid an íomhá thuas agus déan liosta de 5 rialú agus an riosca atáthar a rialú.

| RIALÚ: | RIOSCA: |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

CÚIS BHRÓID AG: Irishbuilding
the magazine of choice for construction professionals

# Rialú ar Rioscaí
Bileog Ghníomhaíochta 2

## 2. Déan é a phlé i bpéirí, ag obair ar na cásanna thíos agus scríobh do chuid réiteach.

**Maidir leis na guaiseacha seo a leanas bain úsáid as an ordlathas a bhaineann le rialú ar rioscaí chun roinnt moltaí a dhéanamh a dhíothódh nó a laghdódh an riosca a bhaineann leis an gcás/leis an nguais.**

1) Díothaigh
2) Cuir ina ionad
3) Rialuithe innealtóireachta
4) Rialuithe riaracháin
5) Úsáid Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)

**A.** Tar éis dul i gcomhairle le **ESB Networks**, faigheann bainisteoir láithreáin eolas ag insint dó go bhfuil sreanga leictreachais lasnairde ar an suíomh.

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................

**B.** Feiceann tógálaí go bhfuil píosa de bharra cruach treisithe (cruach threisiúcháin – úsáidtear é chun treisiúchán a dhéanamh ar choincréit) ag gobadh amach gar do bhun colúin choincréite a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhuine a shiúlann thairis.

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................

.............................................................................................................